C/2024/4745

23.7.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2012 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2011 ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

(C/2024/4745)

Tá an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas a ainmnítear in Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle [1], arna chur chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2012 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2011 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia.

Tugtar d'aire na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 8 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 15 Bealtaine 2025**, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite. Is ceart aon iarraidh den chineál sin a chur chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1.
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, de bhun Airteagal 17(2) de Chinneadh (CBES) 2015/1333 agus Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2016/44, ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas ainmnithe.

Tugtar d'aire na ndaoine agus na n-eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 206, 1.8.2015, lch. 34.
[2] IO L, 2024/2012, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2012/oj.
[3] IO L 12, 19.1.2016, lch. 1.
[4] IO L, 2024/2011, 23.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2011/oj.